Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Márta 2022
(OR. en)

7231/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 15
ECOFIN 230

PUBLIC

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

15 Márta 2022

PUBLIC

# CLÁR

**Leathanach**

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Teachtaireacht maidir leis an mbeartas fioscach do 2023, lena n-áirítear staid na himeartha maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch ........ 3

4. Obair leantach ag eascairt as cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais an 10 agus an 11 Márta 2022 ........ 3

7. Buiséad an Aontais: Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020 ........ 3

8. Buiséad an Aontais: Conclúidí maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023 ........ 3

IARSCRÍBHINN - Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ........ 4

***

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**3.** **Teachtaireacht maidir leis an mbeartas fioscach do 2023, lena n-áirítear staid na himeartha maidir leis an athbhreithniú ar an rialachas eacnamaíoch** 6778/22
*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Malartú tuairimí*

Ar bhonn teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le treoir a thabhairt don bheartas fioscach do 2023, bhí malartú tuairimí ag an gComhairle maidir leis an mbeartas fioscach agus maidir le staid na himeartha i ndáil leis an athbhreithniú ar rialachas eacnamaíoch. Thíolaic an Coimisiún dréacht-chreat nua sealadach don státchabhair i gcomhthéacs na staide san Úcráin.

PUBLIC

**4.** **Obair leantach ag eascairt as cruinniú neamhfhoirmiúil na gCeann Stáit nó Rialtais an 10 agus an 11 Márta 2022**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht príomhthorthaí chruinniú neamhfhoirmiúil na gCeannairí Stáit nó Rialtais ar an eolas.

**7.** **Buiséad an Aontais: Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún** i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020 6001/1/22 REV 1 + 6001/22 ADD 1
*Glacadh*

Ghlac an Chomhairle moladh maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020 agus an Ísiltír ag vótáil ina choinne agus an tSualainn ag staonadh ón vótáil.

Thíolaic an tSualainn agus an Ísiltír ráiteas, mar atá leagtha amach san Iarscríbhinn (leathanach 5).

**8.** **Buiséad an Aontais: Conclúidí maidir leis na treoirlínte buiséid do 2023** 6000/22 + ADD 1
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle conclúidí lena leagtar amach a tosaíochtaí do bhuiséad an Aontais don bhliain 2023 (6000/22 ADD 1). Cuirfear na conclúidí ar aghaidh chuig institiúidí uile an Aontais agus úsáidfear iad mar phointe tagartha don chaibidlíocht bhuiséadach atá le teacht le Parlaimint na hEorpa.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'B' a leagtar amach in 6928/22**

PUBLIC

**Aguisín 'B' mír 7:** **Buiséad an Aontais: Moladh ón gComhairle maidir leis an urscaoileadh atá le tabhairt don Choimisiún i leith chur chun feidhme an bhuiséid don bhliain airgeadais 2020**
*Glacadh*

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN tSUALAINN AGUS ÓN ÍSILTÍR**

'Maidir leis an tSualainn agus an Ísiltír

– Cuirimid i dtreis an ról tábhachtach neamhspleách atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (an Chúirt) mar iniúchóir seachtrach an Aontais. Tríd an obair a dhéanann sí ar na cuntais ar ioncam agus caiteachas an Aontais a scrúdú, mar a luaitear in Airteagal 287 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), cuireann an Chúirt le cuntasacht, trédhearcacht agus bainistíocht fhónta airgeadais. Cuireann sé sin le muinín an phobail as an Aontas Eorpach ina iomláine.

– Cuirimid i dtreis go sonrach a thábhachtaí atá tuarascáil bhliantúil iniúchóireachta na Cúirte, ról na Cúirte sa nós imeachta um urscaoileadh bliantúil, agus a tuairim agus a moltaí sa phróiseas sin mar a leagtar amach in Airteagal 319 CFAE maidir leis an urscaoileadh agus an buiséad bliantúil a chur i ngníomh.

– Is oth linn go mór gur cinneadh go raibh an ráta measta earráide le haghaidh caiteachais, mar ab fhacthas don Chúirt é, ábhartha agus forleatach go bhfuil sé fós os cionn na tairsí ábharthachta 2 %. Tháinig as sin gur thug an Chúirt tuairim dhiúltach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na gcaiteachas don bhliain 2020.

– Iarraimid ar an gCoimisiún Eorpach agus ar na Ballstáit mórluach a chur leis na conclúidí ón gCúirt agus na moltaí a chur chun feidhme, go háirithe maidir le híocaíochtaí aisíocaíocht-bhunaithe agus maidir le bainistiú agus rialú bhuiséad an Aontais.

– Is cúis bhuartha dúinn an easpa éifeachtachta agus éifeachtúlachta i gcodanna de chaiteachas an Aontais agus na saincheisteanna a bhaineann le feidhmíocht ar tharraing an Chúirt aird orthu. Tá sé thar a bheith tábhachtach cistí an Aontais a úsáid ar bhealach freagrach agus éifeachtúil i bhfianaise uaillmhian mhéadaithe an CAI agus an phacáiste téarnaimh. Chun muinín agus dlisteanacht a áirithiú tá sé ríthábhachtach go dtabharfaí, ar bhealach éifeachtúil, fíorluach do shaoránaigh an Aontais ó bhuiséad an Aontais.

– Iarraimid go ndéanfaí rialacha cistiúcháin agus nósanna cur chun feidhme nach bhfuil chomh casta sin a chur chun feidhme.

– Féachaimid ar an meastóireacht ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais, agus na torthaí arna ngnóthú, mar chuid ríthábhachtach lárnach den mheastóireacht bhliantúil.'

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 6930/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán Cur Chun Feidhme ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an deimhniú díolúine ó CBL agus/nó ó dhleacht mháil a thabhairt cothrom le dáta**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Maidir le coigeartú an deimhnithe a úsáidtear mar dhoiciméad tacaíochta le haghaidh na díolúine dá bhforáiltear faoi Airteagal 151 de Threoir 2006/112/CE agus faoi Airteagal 13 de Threoir 2008/118/CE, tugann an Coimisiún dá aire gur gá tuilleadh leasuithe teicniúla a dhéanamh ar an deimhniú, go háirithe chun é a ailíniú leis an deimhniú a cuireadh i bhfeidhm i réimse na ndleachtanna máil.

Aithníonn an Coimisiún an mhian go gcoimeádfaí an t-ailíniú idir an deimhniú díolúine agus na rialacha maidir le CBL agus na rialacha maidir le dleachtanna máil araon agus, mar chuid de mheasúnú na féidearthachta agus an chostais i ndáil leis an deimhniú a chlaochlú ina fhoirm leictreonach agus nós imeachta leictreonach a thabhairt isteach, scrúdóidh sé aon nuashonruithe ar inneachar an deimhnithe arna moladh ag na Ballstáit.'

PUBLIC